2024/2599

8.10.2024

CINNEADH CUR CHUN FEIDHME (AE) 2024/2599 ÓN gCOIMISIÚN

an 4 Deireadh Fómhair 2024

lena leasaítear Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2023/941 ón gCoimisiún a mhéid a bhaineann leis na caighdeáin chomhchuibhithe maidir le trealamh pearsanta cosanta ar thitim, feistí cosanta riospráide scagúcháin cumhachtaithe, coisbheart, clogaid inslithe leictreachais agus cosaint súl agus aghaidhe le haghaidh úsáid cheirde a dréachtaíodh chun tacú le Rialachán (AE) 2016/425 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) Uimh. 1025/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 25 Deireadh Fómhair 2012 maidir le caighdeánú Eorpach, lena leasaítear Treoracha 89/686/CEE agus 93/15/CEE ón gComhairle agus Treoracha 94/9/CE, 94/25/CE, 95/16/CE, 97/23/CE, 98/34/CE, 2004/22/CE, 2007/23/CE, 2009/23/CE agus 2009/105/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus lena n-aisghairtear Cinneadh 87/95/CEE ón gComhairle agus Cinneadh Uimh. 1673/2006/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([1]), agus go háirithe Airteagal 10(6) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) I gcomhréir le hAirteagal 14 de Rialachán (AE) 2016/425 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([2]), trealamh cosanta pearsanta atá i gcomhréir leis na caighdeáin chomhchuibhithe, ar foilsíodh na tagairtí dóibh in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*, nó le codanna de na caighdeáin sin, glactar leis go bhfuil sé i gcomhréir leis na buncheanglais sláinte agus sábháilteachta a leagtar amach in Iarscríbhinn II a ghabhann leis an Rialachán sin, ceanglais a chumhdaítear leis na caighdeáin sin nó na codanna sin díobh.

(2) Le Cinneadh Cur Chun Feidhme C(2020)7924 ón gCoimisiún ([3]), d'iarr an Coimisiún ar an gCoiste Eorpach um Chaighdeánú (CEN) agus ar Choiste Eorpach na gCaighdeán Leictriteicniúil (Cenelec) athbhreithniú a dhéanamh ar na caighdeáin chomhchuibhithe chun tacú le Rialachán (AE) 2016/425 agus an obair sin a thabhairt chun críche chun a áirithiú go leanfaidh siad de léiriú a thabhairt ar an úrscothacht a nglactar léi i gcoitinne chun na ceanglais riachtanacha sláinte agus sábháilteachta a leagtar amach in Iarscríbhinn II a ghabhann leis an Rialachán sin a chomhlíonadh.

(3) Leasaíodh Cinneadh Cur Chun Feidhme C(2020)7924 le Cinneadh Cur Chun Feidhme C(2024)2750 ón gCoimisiún ([4]) chun raon feidhme na hiarrata a oiriúnú trí chaighdeáin áirithe a chur leis agus a bhaint de chun an dul chun cinn teicniúil agus eolaíoch is déanaí a chur san áireamh, chomh maith leis na forbairtí is déanaí ar ghníomhaíochtaí caighdeánaithe ar an leibhéal idirnáisiúnta agus ar an leibhéal Eorpach, agus chun síneadh a chur le sprioc-am na ngníomhaíochtaí caighdeánaithe i ndáil le caighdeáin agus dréachtchaighdeáin áirithe toisc nárbh fhéidir an obair ar chuid díobh a thabhairt chun críche faoi na sprioc-amanna a leagadh síos i gCinneadh Cur Chun Feidhme C(2020) 7924.

(4) Ar bhonn na hiarrata a leagtar amach i gCinneadh Cur Chun Feidhme C(2020)7924, rinne Cenelec athbhreithniú ar chaighdeán EN 50365:2002, nár foilsíodh an tagairt dó roimhe seo in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*. Is é an toradh a bhí air sin gur glacadh caighdeán comhchuibhithe EN 50365:2023 maidir le clogaid inslithe leictreachais le húsáid ar shuiteálacha ísealvoltais agus meánvoltais.

([1]) IO L 316, 14.11.2012, lch. 12, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2012/1025/oj.

([2]) Rialachán (AE) 2016/425 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 9 Márta 2016 maidir le trealamh cosanta pearsanta agus lena n-aisghairtear Treoir 89/686/CEE ón gComhairle (IO L 81, 31.3.2016, lch. 51, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2016/425/oj).

([3]) Cinneadh Cur Chun Feidhme C(2020)7924 ón gCoimisiún an 19 Samhain 2020 maidir le hiarraidh um chaighdeánú ar an gCoiste Eorpach um Chaighdeánú agus ar Choiste Eorpach na gCaighdeán Leictriteicniúil a mhéid a bhaineann le trealamh cosanta pearsanta chun tacú le Rialachán (AE) 2016/425 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle.

([4]) Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gCoimisiún an 29 Aibreán 2024 lena leasaítear Cinneadh Cur Chun Feidhme C(2020)7924 maidir le hiarraidh um chaighdeánú ar an gCoiste Eorpach um Chaighdeánú agus ar Choiste Eorpach na gCaighdeán Leictriteicniúil a mhéid a bhaineann le trealamh cosanta pearsanta chun tacú le Rialachán (AE) 2016/425 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle.

(5) Ar bhonn na hiarrata a leagtar amach i gCinneadh Cur Chun Feidhme C(2020)7924, rinne CEN athbhreithniú ar na caighdeáin chomhchuibhithe seo a leanas, ar caighdeáin iad ar foilsíodh na tagairtí dóibh in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* le Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2023/941 ón gCoimisiún ([5]): EN 360:2002 maidir le gléasanna in-aistarraingthe chun titim a stopadh, EN 564:2014 maidir le corda gabhálais le haghaidh trealamh sléibhteoireachta, EN 12841:2006 maidir le feistí um choigeartú rópaí, EN 12941:1998 arna leasú le EN 12941:1998/A1:2003 agus EN 12941:1998/A2:2008 maidir le ceanglais, tástáil agus marcáil gairis scagúcháin chumhachtaithe ina gcuimsítear clogad nó cochall, EN 12942:1998 arna leasú le EN 12942:1998/A1:2002 agus EN 12942:1998/A2:2008 maidir le ceanglais, tástáil agus marcáil gairis scagúcháin chumhachtaithe ina gcuimsítear maisc aghaidhe iomlána, leathmhaisc nó ceathrú-mhaisc, EN 14058:2017 maidir le éadaí mar chosaint in áiteanna fuara, EN ISO 20345:2022 maidir le coisbheart sábháilteachta, EN ISO 20346:2014 maidir le coisbheart cosanta agus EN ISO 20347:2012 maidir le coisbheart ceirde.

(6) Mar thoradh air sin, ghlac CEN na caighdeáin seo a leanas: EN 360:2023, EN 564:2023, EN 12841:2024, EN 12941:2023, EN 12942:2023, EN 14058:2017+A1:2023, an leasú EN ISO 20345:2022/A1:2024, EN ISO 20346:2022 arna leasú le EN ISO 20346:2022/A1:2024, agus EN ISO 20347:2022 arna leasú le EN ISO 20347:2022/A1:2024.

(7) Na caighdeáin agus na leasuithe a rinneadh orthu, rinne an Coimisiún measúnú i gcomhar le CEN féachaint an gcomhlíontar leo an iarraidh a leagtar amach i gCinneadh Cur Chun Feidhme C(2020)7924.

(8) Leis na caighdeáin chomhchuibhithe seo a leanas agus na leasuithe orthu, comhlíontar na ceanglais fhíor-riachtanacha sláinte agus sábháilteachta is aidhm dóibh a chumhdach, ceanglais a leagtar amach i Rialachán (AE) 2016/425: EN 360:2023, EN 564:2023, EN 12841:2024, EN 12941:2023, EN 12942:2023, EN 14058:2017 +A1:2023, an leasú EN ISO 20345:2022/A1:2024, EN ISO 20346:2022 arna leasú le EN ISO 20346:2022/A1:2024, EN ISO 20347:2022 arna leasú le EN ISO 20347:2022/A1:2024 agus EN 50365:2023. Dá bhrí sin, is iomchuí na tagairtí do na caighdeáin chomhchuibhithe sin agus na leasuithe a rinneadh orthu a fhoilsiú in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

(9) In Iarscríbhinn I a ghabhann le Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2023/941, soláthraítear na tagairtí do na caighdeáin chomhchuibhithe a fhágann go nglactar leis go bhfuil comhréir ann le Rialachán (AE) 2016/425. Chun a áirithiú gur in aon ghníomh amháin a liostaítear na tagairtí do na caighdeáin chomhchuibhithe arna ndréachtú chun tacú le Rialachán (AE) 2016/425, ba cheart na tagairtí do na caighdeáin sin agus na leasuithe orthu a áireamh san Iarscríbhinn sin.

(10) Is gá an tagairt do chaighdeáin chomhchuibhithe EN 360:2002, EN 564:2014, EN 12841:2006, EN 12941:19988 arna leasú le EN 12941:1998/A1:2003, agus EN 12941:1998/A2:2008, EN 12942:1998 arna leasú le EN 12942:1998/A1:2002 agus EN 12942:1998/A2:2008, EN 14058:2017, EN ISO 20345:2022, EN ISO 20346:2014 agus EN ISO 20347:2012 a tharraingt siar ó *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*, ós rud é go ndearnadh athbhreithniú ar na caighdeáin sin. Is iomchuí, dá bhrí sin, na tagairtí sin a scriosadh as Iarscríbhinn I a ghabhann le Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2023/941.

(11) Chun dóthain ama a thabhairt do mhonaróirí ullmhú do chur i bhfeidhm na gcaighdeán athbhreithnithe, is gá go gcuirtear siar tarraingt siar na tagartha do chaighdeáin chomhchuibhithe EN 360:2002, EN 564:2014, EN 12841:2006, EN 12941:1998 arna leasú le EN 12941:1998/A1:2003 agus EN 12941:1998/A2:2008, EN 12942:1998 EN 14058:2017, EN ISO 20345:2022, EN ISO 20346:2014 agus EN ISO 20347:2012.

([5]) Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2023/941 ón gCoimisiún an 2 Bealtaine 2023 maidir le caighdeáin chomhchuibhithe i ndáil le trealamh cosanta pearsanta, caighdeáin a dréachtaíodh chun tacú le Rialachán (AE) 2016/425 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (IO L 125, 11.5.2023, lch. 37, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec_impl/2023/941/oj).

(12) Rinne CEN athbhreithniú ar chaighdeáin chomhchuibhithe EN 166:2001, EN 169:2002, EN 170:2002, EN 172:1994 arna leasú le EN 172:1994/A1:2000 agus EN 172:1994/A2:2001, agus EN 379:2003+A1:2009 maidir le cosaint súl phearsanta agus áiríodh na tagairtí dóibh in Iarscríbhinn II a ghabhann le Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2023/941 agus sonraíodh an 11 Samhain 2024 mar dháta na tarraingthe siar. Rinne na caighdeáin nua, lena gcumhdaítear raon leathan táirgí le haghaidh cosaint súl agus aghaidhe le haghaidh úsáide ceirde, modhanna tástála na gcaighdeán roimhe seo a nuashonrú, méadú ar líon na gcumraíochtaí tástála le haghaidh táirge amháin trí fhoirmeacha ceann nua a thabhairt isteach, ceanglais nua a thabhairt isteach maidir le táirgí a mharcáil, chomh maith le ceanglais theicniúla nua, amhail friotaíocht in aghaidh teas radanta, tionchar ardmhaise, ceimiceáin, airíonna leictreastatacha, etc. Dá bhrí sin, teastaíonn níos mó ama ó mhonaróirí chun a dtáirgeadh a oiriúnú chun na caighdeáin nua a chomhlíonadh. Thairis sin, ceanglaítear ar chomhlachtaí faoina dtugtar fógra agus ar shaotharlanna tástála na modhanna tástála a oiriúnú. Is iomchuí, dá bhrí sin, dáta tharraingt siar chaighdeáin chomhchuibhithe EN 166:2001, EN 169:2002, EN 170:2002, EN 172:1994 arna leasú le EN 172:1994/A1:2000 agus EN 172:1994/A2:2001 agus EN 379:2003+A1:2009 a chur ar atráth go ceann bliain bhreise. Cé go ndéanann na caighdeáin athbhreithnithe athruithe móra ar chuid de na ceanglais shubstainteacha is infheidhme, ní mheastar go mbeidh éifeacht dhíobhálach ag an gcur siar sin ar leibhéil sábháilteachta na dtáirgí lena mbaineann toisc go gcuireann na caighdeáin athbhreithnithe feabhas ar na nósanna imeachta tástála den chuid is mó. Ba cheart, dá bhrí sin, na rónna in Iarscríbhinn II a ghabhann le Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2023/941 maidir le caighdeáin chomhchuibhithe EN 166:2001, EN 169:2002, EN 170:2002, EN 172:1994 arna leasú le EN 172:1994/A1:2000 agus EN 172:1994/A2:2001 agus EN 379:2003+A1:2009 a ionadú.

(13) Dá bhrí sin, ba cheart Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2023/941 a leasú dá réir sin.

(14) Ón dáta a fhoilsítear an tagairt do chaighdeán comhchuibhithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*, tugtar le fios le comhlíonadh an chaighdeáin sin go nglactar leis go bhfuil comhréir ann leis na ceanglais fhíor-riachtanacha chomhfhreagracha a leagtar amach i reachtaíocht chomhchuibhithe an Aontais. Ba cheart an Cinneadh seo a theacht i bhfeidhm lá a fhoilsithe,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Leasaítear Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2023/941 mar a leanas:

(1) Leasaítear Iarscríbhinn I i gcomhréir le hIarscríbhinn I a ghabhann leis an gCinneadh seo;

(2) Leasaítear Iarscríbhinn II i gcomhréir le hIarscríbhinn II a ghabhann leis an gCinneadh seo.

Airteagal 2

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Mar sin féin, beidh feidhm ag pointe 1 d'Iarscríbhinn I a ghabhann leis an gCinneadh seo ón 8 Aibreán 2026 agus beidh feidhm ag pointe 2 d'Iarscríbhinn I a ghabhann leis an gCinneadh seo ón 8 Deireadh Fómhair 2026.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 4 Deireadh Fómhair 2024.

Thar ceann an Choimisiúin
An tUachtarán
Ursula VON DER LEYEN

IARSCRÍBHINN I

Leasaítear Iarscríbhinn I a ghabhann le Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2023/941 mar a leanas:

(1) scriostar rónna 35, 54, 108, 139, 182, 183 agus 184;

(2) scriostar rónna 109 agus 110;

(3) cuirtear na rónna seo a leanas isteach in ord seicheamhach:

‘35a.	EN 360:2023 Trealamh pearsanta cosanta ar thitim - Stopadóirí titime de chineál in-astarraingthe’;
‘54a.	EN 564:2023 Trealamh sléibhteoireachta – Corda gabhálais – Ceanglais sábháilteachta agus modhanna tástála’;
‘108a.	EN 12841:2024 Trealamh cosanta pearsanta in aghaidh titime – Córais rochtana rópaí – Feistí um choigeartú rópaí’;
‘109a.	EN 12941:2023 Feistí cosanta riospráide - Gairis scagúcháin chumhachtaithe ina gcuimsítear coimhéadan riospráide scaoilte - Ceanglais, tástáil agus marcáil’;
‘110a.	EN 12942:2023 Feistí cosanta riospráide - Gairis scagúcháin chumhachtaithe ina gcuimsítear maisc aghaidhe iomlána, leathmhaisc nó ceathrú-mhaisc - Ceanglais, tástáil agus marcáil
‘139a.	EN 14058:2017+A1:2023 Éadaí cosanta – Éadaí mar chosaint in áiteanna fuara’;
‘182a.	EN ISO 20345:2022 Trealamh cosanta pearsanta – Coisbheart sábháilteachta (ISO 20345:2021) EN ISO 20345:2022/A1:2024’;
‘183a.	EN ISO 20346:2022 Trealamh cosanta pearsanta - Coisbheart cosanta (ISO 20346:2021) EN ISO 20346:2022/A1:2024’;
‘184a.	EN ISO 20347:2022 Trealamh cosanta pearsanta - Coisbheart ceirde (ISO 20347:2021) EN ISO 20347:2022/A1:2024’;

(4) cuirtear isteach an ró seo a leanas:

‘189.I.	EN 50365:2023 Obair Bheo - Clogaid inslithe leictreachais le húsáid ar shuiteálacha ísealvoltais agus meánvoltais’.

IARSCRÍBHINN II

Cuirtear an méid seo a leanas in ionad rónna 2, 3, 4, 5 agus 16 d'Iarscríbhinn II a ghabhann le Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2023/941:

'2	EN 166:2001 Cosaint phearsanta súl – Sonraíochtaí	11.11.2025';
'3	EN 169:2002 Cosaint phearsanta súl – Scagairí le haghaidh táthú agus teicnící gaolmhara – Ceanglais tarchurtha agus úsáid mholta	11.11.2025';
'4	EN 170:2002 Cosaint phearsanta súl – Scagairí ultraivialait – Ceanglais tarchurtha agus úsáid mholta	11.11.2025';
'5	EN 172:1994 Cosaint phearsanta súl – Scagairí Sunglare le haghaidh úsáid tionsclaíoch EN 172:1994/A1:2000 EN 172:1994+A2:2001	11.11.2025';
'16	EN 1731:2006 Cosaint phearsanta súl – Cosantóirí mogalra súl agus aghaidhe	11.11.2025';